Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10387/22**
**ADD 1**

**EF 179**
**ECOFIN 638**
**DELACT 98**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3589 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear íos-mhionsonraí na sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála agus maidir leis an gcineál tuarascálacha atá le húsáid |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3589 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: C(2022) 3589 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.6.2022
C(2022) 3589 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear íos-mhionsonraí na sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála agus maidir leis an gcineál tuarascálacha atá le húsáid**

## IARSCRÍBHINN

Tábla 1

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 1 | Páirtithe an díorthaigh | Stampa ama tuairiscithe | Dáta agus am tíolactha na tuarascála chuig an stór trádála. |
| 2 | Páirtithe an díorthaigh | Uimhir aitheantais an eintitis a chuireann tuarascáil isteach | I gcás inar tharmlig an t- eintiteas a bhí freagrach as tuairisciú thíolacadh na tuarascála chuig tríú páirtí nó chuig an gcontrapháirtí eile, ní mór an t- eintiteas sin a shainaithint sa réimse sin le cód uathúil.<br>Seachas sin, ba cheart an t- eintiteas atá freagrach as tuairisciú a shainaithint sa réimse sin. |
| 3 | Páirtithe an díorthaigh | Eintiteas atá freagrach as tuairisciú | I gcás inarb é an contrapháirtí airgeadais atá freagrach amháin, agus atá faoi dhliteanas dlíthiúil, as tuairisciú a dhéanamh thar ceann an dá chontrapháirtí i gcomhréir le hAirteagal 9(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ón bParlaimint agus ón gComhairle[1] agus nach ndéanann an contrapháirtí neamhairgeadais cinneadh mionsonraí a chonarthaí díorthacha thar an gcuntar leis an gcontrapháirtí airgeadais a thuairisciú é féin, ar an gcód uathúil lena sainaithnítear an contrapháirtí airgeadais sin. I gcás inar cuideachta bainistíochta atá freagrach, agus atá faoi dhliteanas dlíthiúil, as tuairisciú a dhéanamh thar ceann Ghnóthas le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe (UCITS) i gcomhréir le hAirteagal 9(1b) den Rialachán sin, ar an gcód uathúil lena sainaithnítear an chuideachta bainistíochta sin. I gcás inar Bainisteoir Ciste Infheistíochta Mhalartaigh (AIFM) atá freagrach, agus atá faoi dhliteanas dlíthiúil, as tuairisciú a dhéanamh thar ceann Chiste Infheistíochta Malartach (AIF) i gcomhréir le hAirteagal 9(1c) den Rialachán sin, ar an gcód uathúil |

[1] Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | lena sainaithnítear an AIFM sin. I gcás ina bhfuil eintiteas údaraithe atá freagrach as IORP a bhainistiú agus as feidhmiú thar a cheann freagrach, agus faoi dhliteanas dlíthiúil, as tuairisciú a dhéanamh thar a cheann i gcomhréir le hAirteagal 9(1d) den Rialachán sin, ar an gcód uathúil lena sainaithnítear an t- eintiteas sin.<br>Níl bheidh an réimse seo infheidhme ach amháin maidir le díorthaigh thar an gcuntar. |
| 4 | Páirtithe an díorthaigh | Contrapháirtí 1 (Contrapháirtí tuairiscithe) | Aitheantóir an chontrapháirtí in idirbheart díorthach a chomhlíonann a oibleagáid tuairiscithe trí mheán na tuarascála faoi thrácht.<br>I gcás idirbheart díorthach leithdháilte a fhorghníomhaíonn bainisteoir ciste thar ceann ciste, is é an ciste agus an bainisteoir ciste a thuairiscítear mar an contrapháirtí. |
| 5 | Páirtithe an díorthaigh | Cineál chontrapháirtí 1 | Tabhair le fios an contrapháirtí lárnach (‘CPL’), contrapháirtí airgeadais nó contrapháirtí neamhairgeadais é contrapháirtí 1, mar a shainítear in Airteagal 2, pointí 1, 8 agus 9, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, nó an eintiteas é dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe 5, den Rialachán sin. |
| 6 | Páirtithe an díorthaigh | Earnáil chorparáideach chontrapháirtí 1 | Cineál gníomhaíochtaí cuideachta chontrapháirtí 1.<br>Más contrapháirtí airgeadais é contrapháirtí 1, beidh gach cód is gá sa réimse seo a áirítear leis an Tacsanomaíocht le haghaidh Contrapháirtithe Airgeadais i réimse 6 de Thábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588]* agus a bhaineann leis an gcontrapháirtí sin.<br>Más contrapháirtí neamhairgeadais é contrapháirtí 2, beidh gach cód is gá sa réimse seo a áirítear leis an Tacsanomaíocht le haghaidh Contrapháirtithe Neamhairgeadais i |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | réimse 6 de Thábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588]* agus a bhaineann leis an gcontrapháirtí sin.<br>I gcás ina dtuairiscítear níos mó ná gníomhaíocht amháin, cuirfear na cóid ann in ord thábhacht choibhneasta na ngníomhaíochtaí comhfhreagracha. |
| 7 | Páirtithe an díorthaigh | Tairseach imréitigh chontrapháirtí 1 | Faisnéis cé acu atá nó nach bhfuil contrapháirtí 1 os cionn na tairsí imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4a(3) nó 10(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 an dáta nuair a cuireadh an t- idirbheart i gcrích. |
| 8 | Páirtithe an díorthaigh | Cineál aitheantóra chontrapháirtí 2 | Táscaire cibé a úsáideadh nó nár úsáideadh LEI chun contrapháirtí 2 a shainaithint. |
| 9 | Páirtithe an díorthaigh | Contrapháirtí 2 | Aitheantóir an dara contrapháirtí in idirbheart díorthach.<br>I gcás idirbheart díorthach leithdháilte a fhorghníomhaíonn bainisteoir ciste thar ceann ciste, is é an ciste agus an bainisteoir ciste a thuairiscítear mar an contrapháirtí. |
| 10 | Páirtithe an díorthaigh | Tír chontrapháirtí 2 | I gcás inar duine nádúrtha é contrapháirtí 2, cód thír chónaithe an duine sin. |
| 11 | Páirtithe an díorthaigh | Cineál chontrapháirtí 2 | Tabhair le fios más CPL é contrapháirtí 2, contrapháirtí airgeadais nó neamhairgeadais mar a shainítear in Airteagal 2, pointí 1, 8 agus 9, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe 5, den Rialachán sin. |
| 12 | Páirtithe an | Earnáil chorparáideach | Cineál gníomhaíochtaí cuideachta chontrapháirtí 2. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | díorthaigh | chontrapháirtí 2 | Más contrapháirtí neamhairgeadais é contrapháirtí 2, beidh gach cód is gá sa réimse seo a áirítear leis an Tacsanomaíocht le haghaidh Contrapháirtithe Neamhairgeadais i réimse 6 de Thábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588]* agus a bhaineann leis an gcontrapháirtí sin.<br>Más contrapháirtí neamhairgeadais é contrapháirtí 2, beidh gach cód is gá sa réimse seo a áirítear leis an Tacsanomaíocht le haghaidh Contrapháirtithe Neamhairgeadais i réimse 6 de Thábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588]* agus a bhaineann leis an gcontrapháirtí sin.<br>I gcás ina dtuairiscítear níos mó ná gníomhaíocht amháin, cuirfear na cóid ann in ord thábhacht choibhneasta na ngníomhaíochtaí comhfhreagracha. |
| 13 | Páirtithe an díorthaigh | Tairseach imréitigh chontrapháirtí 2 | Faisnéis cé acu atá nó nach bhfuil contrapháirtí 2 os cionn na tairsí imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4a(3) nó 10(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 an dáta nuair a cuireadh an t- idirbheart i gcrích. |
| 14 | Páirtithe an díorthaigh | Oibleagáid tuairiscithe chontrapháirtí 2 | Táscaire cé acu atá nó nach bhfuil oibleagáid tuairiscithe ag contrapháirtí 2 faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, gan beann ar an duine atá freagrach nó atá faoi dhliteanas dlíthiúil as a thuairisciú. |
| 15 | Páirtithe an díorthaigh | Aitheantas Bróicéara | I gcás ina bhfeidhmíonn bróicéir mar idirghabhálaí le haghaidh contrapháirtí 1 gan a bheith ina chontrapháirtí é féin, sainaithneoidh contrapháirtí 1 an bróicéir sin le cód uathúil. |
| 16 | Páirtithe an díorthaigh | Comhalta imréitigh | Aitheantóir an chomhalta imréitigh trína n- imréitítear idirbheart díorthach ag CPL.<br>Beidh an eilimint sonraí seo infheidhme maidir le hidirbhearta imréitithe. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 17 | Páirtithe an díorthaigh | Treo | Táscaire cé acu atá nó nach bhfuil contrapháirtí 1 ina cheannaitheoir nó ina dhíoltóir mar a chinntear an dáta ar ar cuireadh an díorthach i gcrích. |
| 18 | Páirtithe an díorthaigh | Treo mhalairt 1 | Táscaire cé acu atá nó nach bhfuil contrapháirtí 1 ina íocóir nó ina fhaighteoir mhalairt 1 mar a chinntear an dáta ar ar cuireadh an díorthach i gcrích. |
| 19 | Páirtithe an díorthaigh | Treo mhalairt 2 | Táscaire cé acu atá nó nach bhfuil contrapháirtí 1 ina íocóir nó ina fhaighteoir mhalairt 2 mar a chinntear an dáta ar ar cuireadh an díorthach i gcrích. |
| 20 | Páirtithe an díorthaigh | Nasctha go díreach le gníomhaíocht tráchtála nó maoiniú cisteáin | Faisnéis faoi cé acu atá nó nach bhfuil an conradh intomhaiste go hoibiachtúil de bheith nasctha go díreach le gníomhaíocht mhaoinithe tráchtála nó cisteáin chontrapháirtí 1, dá dtagraítear in Airteagal 10(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.<br>Ní chuirfear an réimse seo ann ach amháin i gcás inar contrapháirtí neamhairgeadais é contrapháirtí 1 mar a shainítear in Airteagal 2 pointe (9) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. |

Tábla 2

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 1 | Roinn 2a - Aitheantóirí agus naisc | Aitheantóir Uathúil Trádála | Aitheantóir Uathúil Trádála dá dtagraítear in Airteagal 7 den [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588]*. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 2 | Roinn 2a - Aitheantóirí agus naisc | Uimhir rianaithe tuarascála | I gcás inar cuireadh díorthach i gcrích ar ionad trádála, uimhir arna giniúint ag an ionad trádála agus atá uathúil don chur i gcrích sin. |
| 3 | Roinn 2a - Aitheantóirí agus naisc | Aitheantóir Uathúil Idirbhirt roimhe seo (le haghaidh caidreamh idir idirbheart amháin agus idirbheart eile nó idir idirbheart amháin agus idirbhearta iomadúla) | Aitheantóir Uathúil Idirbhirt a sannadh don idirbheart réamhtheachtach ónar eascair an t- idirbheart tuairiscithe de bharr imeacht saolré, i gcaidreamh aon le haon idir idirbhearta (e.g. i gcás nuachana, nuair a dhéantar idirbheart a fhoirceannadh, agus nuair a ghintear idirbheart nua) nó i gcaidreamh aon le mórán idir idirbhearta (e.g. in imréiteach nó má scoiltear idirbheart i roinnt idirbheart difriúil).<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme nuair a thuairiscítear caidreamh mórán le haon agus mórán le mórán idir idirbhearta (e.g. i gcás comhbhrú). |
| 4 | Roinn 2a - Aitheantóirí agus naisc | Aitheantóir Uathúil Idirbhirt an tsuímh ina dhiaidh sin | Aitheantóir Uathúil Idirbhirt an tsuímh ina n- áirítear díorthach. Ní bheidh an réimse seo infheidhme ach amháin maidir leis na tuairiscí a bhaineann le foirceannadh díorthaigh de bharr a áirimh i bpost. |
| 5 | Roinn 2a - Aitheantóirí agus naisc | Aitheantas Laghdaithe Riosca Iarthrádála (PTRR) | Aitheantóir a ghineann an soláthraí seirbhíse PTRR nó an CPL a sholáthraíonn an tseirbhís PTRR d’fhonn gach díorthach a nascadh a iontráiltear in imeacht PTRR faoi leith agus a thagann mar thoradh ón imeacht PTRR sin. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 6 | Roinn 2a - Aitheantóirí agus naisc | Aitheantóir pacáiste | Aitheantóir (arna chinneadh ag contrapháirtí 1) d'fhonn díorthaigh a nascadh sa phacáiste céanna i gcomhréir le hAirteagal 1(3), an tríú fomhír, den Rialachán seo.<br>Féadfar idirbhearta intuairiscithe agus neamh- intuairiscithe a áireamh le pacáiste. |
| 7 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Uimhreacha Aitheantais Idirnáisiúnta Urrús (ISIN) | ISIN lena sainaithnítear an táirge má ghlactar an táirge sin isteach chun trádáil nó má thrádáiltear an táirge sin ar mhargadh rialáilte, MTF, OTF nó inmheánaitheoir córasach. |
| 8 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Aitheantóir táirge uathúil (UPI) | UPI lena sainaithnítear an táirge. |
| 9 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Aicmiú táirge | Cód Aicmiú na hIonstraime Airgeadais (CFI) a bhaineann leis an ionstraim. |
| 10 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Cineál conartha | Aicmeofar gach conradh tuairiscithe i gcomhréir lena chineál. |
| 11 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Aicme sócmhainní | Aicmeofar gach conradh tuairiscithe i gcomhréir leis an gcineál sócmhainní a bhfuil sé bunaithe air. |
| 12 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Díorthach bunaithe ar chripte- shócmhainní | Táscaire cé acu atá nó nach bhfuil an díorthach bunaithe ar chriptea- shócmhainní. |
| 13 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Cineál aitheantais fholuitigh | Cineál an aitheantóra fholuitigh ábhartha. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 14 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Aitheantas foluiteach | Sainaithneofar an ceann díreach foluiteach le haitheantas uathúil le haghaidh an chinn fholuitigh seo a bheidh bunaithe ar a chineál.<br>I gcás Babhtálacha Mainneachtana Creidmheasa, ba cheart go gcuirfí ISIN na hoibleagáide tagartha ar fáil. |
| 15 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Táscaire an innéacs fholuitigh | Tásc den innéacs foluiteach, i gcás ina mbeidh fáil air sin. |
| 16 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Ainm an innéacs fholuitigh | Ainm iomlán an innéacs fholuitigh mar a sannadh ag an soláthraí innéacs. |
| 17 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Cód bascaeid saincheaptha | Má tá an t- idirbheart díorthach bunaithe ar bhascaed saincheaptha, cód uathúil arna shannadh ag struchtúraí an bhascaeid shaincheaptha lena chomhpháirteanna a nascadh. |
| 18 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Aitheantóir chomhpháirteanna an bhascaeid | I gcás bascaeid shaincheaptha atá comhdhéanta, i measc nithe eile, d'ionstraimí airgeadais arna dtrádáil in ionad trádála, ní shonrófar ach amháin ionstraimí airgeadais a thrádáiltear in ionad trádála. |
| 19 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Airgeadra socraíochta 1 | Airgeadra do shocrú airgid an idirbhirt nuair is infheidhme.<br>I gcás táirgí ilairgeadra nach bhfuil glanluacháil orthu, airgeadra socraíochta mhalairt 1.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí infheidhme maidir le táirgí a shocraítear go fisiceach (e.g. roghtálacha a shocraítear go fisiceach). |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 20 | Roinn 2b – Faisnéis chonarthach | Airgeadra socraíochta 2 | Airgeadra do shocrú airgid an idirbhirt nuair is infheidhme.<br>I gcás táirgí ilairgeadra nach bhfuil glanluacháil orthu, airgeadra socraíochta mhalairt 2.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí infheidhme maidir le táirgí a shocraítear go fisiceach (e.g. roghtálacha a shocraítear go fisiceach). |
| 21 | Roinn 2c - Luacháil | Méid luachála | Luacháil marcála ón margadh an chonartha, nó luacháil ar mharcáil de réir samhla dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán seo.<br>Luacháil an CPL le húsáid le haghaidh trádáil imréitithe. |
| 22 | Roinn 2c - Luacháil | Airgeadra luachála | An t- airgeadra ina n- ainmnítear an luacháil. |
| 23 | Roinn 2c - Luacháil | Stampa ama luachála | Dáta agus am na luachála deireanaí marcála ón margadh, arna cur ar fáil ag an CPL nó arna ríomh le praghas margaidh na n- ionchur atá ar fáil faoi láthair nó leis an bpraghas margaidh deireanach a bhí ar fáil. |
| 24 | Roinn 2c - Luacháil | Modh luachála | Foinse agus modh a úsáideadh le haghaidh luacháil an idirbhirt ag contrapháirtí 1.<br>Má úsáidtear ionchur luachála amháin ar a laghad atá aicmithe mar mharcáil de réir samhla, aicmítear an luacháil iomlán mar mharcáil de réir samhla ansin.<br>Mura n- úsáidtear ach amháin ionchuir atá aicmithe mar mharcáil ón margadh, aicmítear an luacháil iomlán mar mharcáil ón margadh ansin. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 25 | Roinn 2c - Luacháil | Deilte | Cóimheas an athraithe i bpraghas an idirbhirt dhíorthaigh leis an athrú i bpraghas an chinn fholuitigh. Ní bheidh an réimse seo infheidhme ach amháin maidir le roghanna agus roghtálacha. Tuairisceofar deilte nuashonraithe ar bhonn laethúil ag contrapháirtithe airgeadais agus contrapháirtithe neamhairgeadais dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. |
| 26 | Roinn 2d - Comhthaobhacht | Táscaire punainne comhthaobhachta | Táscaire cibé a rinneadh nó nach ndearnadh an chomhthaobhacht ar bhonn punainne. Le "ar bhonn punainne", ciallaítear leis sraith idirbheart a chuirtear in éarlais le chéile (ar bhonn glan nó comhlán) i gcodarsnacht leis an gcás ina ríomhtar agus ina mbreactar an éarlais le haghaidh gach idirbheart aonair ar leithligh. |
| 27 | Roinn 2d - Comhthaobhacht | Cód punainne comhthaobhachta | Má dhéantar an chomhthaobhacht a thuairisciú ar bhonn punainne, cód uathúil arna shannadh ag contrapháirtí 1 don phunann. Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme má rinneadh soláthar urrúis chomhthaobhaigh ar bhonn leibhéal an idirbhirt, nó mura bhfuil aon chomhaontú comhthaobhachta nó mura bhfuil aon chomhthaobhacht bhreactha nó faighte. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 28 | Roinn 2e - Maolú riosca / Tuairisciú | Stampa ama deimhnithe | Dáta agus am an deimhnithe, mar a leagtar amach in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 149/2013 ón gCoimisiún[2]. Ní bheidh sé infheidhme ach amháin maidir le conarthaí díorthaigh thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe le CPL. |
| 29 | Roinn 2e - Maolú riosca / Tuairisciú | Deimhnithe | I gcás idirbhearta intuairiscithe, cibé a rinneadh nó nach ndearnadh téarmaí chonradh díorthach thar an gcuntar atá ceangailteach ó thaobh dlí de a dhoiciméadú agus a comhaontaíodh (deimhnithe) nó nár comhaontaíodh orthu (neamhdheimhnithe).<br>Má dhéantar é a dhoiciméadú agus a chomhaontú, cibé a rinneadh nó nach ndearnadh an deimhniú sin:<br>• trí mheán shaoráid nó ardán deimhnithe chomhroinnte, nó córas leictreonach príobháideach nó déthaobhach (leictreonach);<br>• trí mheán doiciméad scríofa atá inléite ag duine, amhail facs, páipéar nó r- phoist arna bpróiseáil de láimh (neamhleictreonach).<br>Ní bheidh sé infheidhme ach amháin maidir le conarthaí díorthaigh thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe le CPL. |

2 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála maidir le socruithe imréitigh indírigh, an oibleagáid imréitigh, leis an gclár poiblí, le rochtain ar ionad trádála, le contrapháirtithe neamhairgeadais, agus le teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntas nach bhfuil imréitithe ag CPL (IO L 052, 23.2.2013, lch. 11).

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 30 | Roinn 2f - Imréiteach | Oibleagáid imréitigh | Tásctar leis, cé acu atá nó nach bhfuil an conradh tuairiscithe bainteach le haicme díorthach thar an gcuntar atá dearbhaithe faoi réir na hoibleagáide imréitithe agus tá an dá chontrapháirtí sa chonradh faoi réir na hoibleagáide imréitithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, amhail tráth curtha i gcrích an chonartha. Ní bheidh sé infheidhme ach amháin maidir le conarthaí díorthaigh thar an gcuntar. |
| 31 | Roinn 2f - Imréiteach | Imréitithe | Táscaire cibé a rinneadh an díorthach a ghlanadh ag CPL nó nach ndearnadh. |
| 32 | Roinn 2f - Imréiteach | Stampa ama imréitigh | Am agus dáta nuair a tharla an t- imréiteach. Ní bheidh sé infheidhme ach amháin maidir le díorthaigh a imréitítear le CPL. |
| 33 | Roinn 2f - Imréiteach | Contrapháirtí lárnach | Aitheantóir an CPL a d'imréitigh an t- idirbheart. Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme más é 'N' luach na heiliminte sonraí 'Imréitithe' ('Níl, gan a bheith imréitithe go lárnach'). |
| 34 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Cineál Máistir- Chomhaontaithe | Tagairt don chineál máistir- chomhaontaithe faoinar chuir na contrapháirtithe díorthach i gcrích. |
| 35 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Cineál eile máistir- chomhaontaithe | Ainm an mháistir- chomhaontaithe. Ní chomhlánófar an réimse sin ach amháin mar a thuairiscítear 'OTHR' i réimse 34 sa tábla seo. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 36 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Leagan an Mháistir- Chomhaontaithe | Tagairt do bhliain an mháistir- chomhaontaithe atá ábhartha don trádáil thuairiscithe, más infheidhme. |
| 37 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Inghrúpa | Tásctar leis an ndearnadh an conradh mar idirbheart ionghrúpa, mar a shainítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 648/2012. |
| 38 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | PTRR | Sainaithin cibé a thagann nó nach dtagann an conradh ó oibríocht PTRR. |
| 39 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Cineál teicníc PTRR | Táscaire de chineál oibríochta PTRR chun críche tuairisciú a dhéanamh faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/201 2.<br>Comhbhrú Punainne gan soláthraí seirbhíse tríú páirtí: Socrú chun riosca a laghdú sna punanna atá ann de thrádálacha ina n- úsáidtear trádálacha neamhshocraithe praghsanna den chuid is mó chun méid barúlach gan íoc, líon na n- idirbheart a laghdú nó chun na téarmaí a chomhchuibhiú ar bhealach eile, trí thrádálacha a fhoirceannadh ina n- iomláine nó i bpáirt, agus go coitianta chun díorthaigh foirceanta a ionadú le trádálacha athsholáthair nua.<br>Comhbhrú Punainne le soláthraí seirbhíse tríú páirtí nó CPL: Seirbhís PTRR arna soláthar ag soláthraí seirbhíse nó CPL chun riosca a laghdú sna punanna atá ann de thrádálacha ina n- úsáidtear trádálacha neamhshocraithe praghsanna den chuid is mó chun méid barúlach gan íoc, líon na n- idirbheart a laghdú |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | nó chun na téarmaí a chomhchuibhiú ar bhealach eile, trí thrádálacha a fhoirceannadh ina n- iomláine nó i bpáirt, agus go coitianta chun díorthaigh foirceanta a ionadú le trádálacha athsholáthair nua.<br>Athchothromú punainne/Bainistíocht éarlaise: Seirbhís PTRR arna soláthar ag soláthraí seirbhíse chun an riosca le punann trádálaithe atá ann faoi láthair a laghdú trí thrádálacha neamhshocraithe praghsanna nua agus i gcás nach ndéantar aon trádáil sa phunann atá ann faoi láthair a fhoirceannadh ná a ionadú, agus go méadaítear an ceann barúlach seachas é a laghdú.<br>Seirbhísí PTTR Punainne eile: Seirbhís PTRR arna soláthar ag soláthraí seirbhíse chun riosca sna punanna trádálacha atá ann faoi láthair ina n- úsáidtear trádálacha neamhshocraithe praghsanna agus i gcás nach gcáilíonn seirbhís den sórt sin mar Chomhbhrú Punainne nó Athchothromú Punainne. |
| 40 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Soláthraí seirbhíse PTRR | LEI lena sainaithnítear soláthraí seirbhíse PTRR. |
| 41 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Ionad an chur i gcrích | Sainaithint an ionaid mar ar cuireadh an t- idirbheart i gcrích.<br>Úsáid an MIC deighleoige ISO 10383 le haghaidh idirbhearta a chuirtear i gcrích ar ionad trádála, Inmheánaitheoir Córasach ('SI') nó ar ardán trádála eagraithe lasmuigh den Aontas. I gcás nach ann don MIC deighleoige, úsáid an MIC oibríochtúil. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | Úsáid MIC cóid 'XOFF' le haghaidh ionstraimí airgeadais a ghlactar isteach sa trádáil, nó a thrádáiltear ar ionad trádála nó dá ndearnadh iarratas ar ghlacadh, i gcás nach gcuirtear an t- idirbheart faoin ionstraim airgeadais sin i gcrích ar ionad trádála, SI nó ardán trádála eagraithe lasmuigh den Aontas, nó nach eol do chontrapháirtí go bhfuil sé ag trádáil le contrapháirtí 2 ag feidhmiú mar SI. Úsáid cód MIC 'XXXX' le haghaidh ionstraimí airgeadais nach nglactar isteach sa trádáil, nó a thrádáiltear ar ionad trádála nó nach ndearnadh aon iarratas ar ghlacadh agus nach dtrádáiltear ar ardán trádála eagraithe lasmuigh den Aontas Eorpach iad. |
| 42 | Roinn 2c - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Stampa ama an chur i gcrích | An dáta agus an t- am ar cuireadh idirbheart i gcrích ar dtús, ónar tháinig giniúint Aitheantóir Uathúil Idirbhirt nua. Fanfaidh an eilimint sonraí seo gan athrú síos trí shaolré an Aitheantóra Uathúil Idirbhirt. Le haghaidh tuairisciú maidir le leibhéal suímh ba cheart go ndéanfaí tagairt ann don am nuair a osclaíodh an suíomh den chéad uair. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 43 | Roinn 2c - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta éifeachtach | Dáta neamhchoigeartaithe ag a dtagann oibleagáidí faoin idirbheart díorthach thar an gcuntar i bhfeidhm, mar a áirítear leis an deimhniú.<br>Mura bhfuil an dáta éifeachtach sonraithe mar chuid de na téarmaí leis an gconradh, tuairisceoidh na contrapháirtithe sa réimse sin dáta curtha i gcrích an díorthaigh. |
| 44 | Roinn 2c - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta éaga | Dáta neamhchoigeartaithe ag a n- éiríonn oibleagáidí faoin idirbheart díorthach as feidhm, mar a áirítear leis an deimhniú. Ní dhéanann foirceannadh luath difear don eilimint sonraí seo. |
| 45 | Roinn 2c - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta foirceanta luaith | Dáta éifeachtach an fhoirceanta luaith (dáta éaga) an idirbhirt thuairiscithe.<br>Beidh an eilimint sonraí seo infheidhme má tharlaíonn foirceannadh an idirbhirt roimh a haibíocht de charr chinneadh ex- eatramhach le contrapháirtí (nó le contrapháirtithe). |
| 46 | Roinn 2c - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta socraíochta deiridh an chonartha | Dáta neamhchoigeartaithe de réir an chonartha, faoinar cheart go dtarlódh gach aistriú airgid agus sócmhainní, agus níor cheart go mbeadh aon oibleagáid fós gan íoc ag na contrapháirtithe dá chéile faoin gconradh sin.<br>Le haghaidh táirgí nach bhféadfadh dáta socraithe conarthach deiridh a bheith acu (e.g. céadroghanna Meiriceánacha), léirítear san eilimint sonraí an dáta faoina dtarlódh an t- aistriú airgid nó sócmhainní dá dtarlódh an |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | foirceannadh ar an dáta éaga. |
| 47 | Roinn 2c - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Cineál seachadta | Tásctar leis an socraítear an conradh go fisiceach nó le hairgead tirim. |
| 48 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Praghas | Sonraítear an praghas san idirbheart díorthach. Ní áirítear léi táillí, cánacha ná coimisiúin. I gcás nach eol an praghas nuair a thuairiscítear idirbheart nua, nuashonraítear an praghas de réir mar a thagann sé ar fáil. Le haghaidh idirbheart atá mar chuid de phacáiste, tá praghas an idirbhirt is comhpháirt san eilimint sonraí sin de réir mar is infheidhme. |
| 49 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Airgeadra an phraghais | An t- airgeadra ina n- ainmnítear an praghas. Ní bheidh airgeadra an phraghais infheidhme ach amháin má léirítear an praghas mar luach airgeadaíochta. |
| | Tá na réimsí idir 50 agus 52 ath- indéanta, agus cuirfear ann iad i gcás díorthaigh lena mbaineann sceidil praghsanna. | | |
| 50 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe an phraghais | Dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe an phraghais. |
| 51 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta deiridh neamhchoigeartaithe an phraghais | Dáta deiridh neamhchoigeartaithe an phraghais (ní bheidh sé infheidhme má thagann dáta deiridh neamhchoigeartaithe de sceideal faoi leith go díreach i ndiaidh dáta éifeachtach |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | neamhchoigeartaithe na tréimhse ina dhiaidh sin). |
| 52 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Tá an praghas i bhfeidhm idir an dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe agus an dáta deiridh | Tá an praghas i bhfeidhm idir an dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe agus an dáta deiridh san áireamh. |
| 53 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Praghas idirbhirt an phacáiste | Praghas trádáilte an phacáiste fhoriomláin inar comhpháirt é an t- idirbheart díorthach atá tuairiscithe.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme más rud é<br>• nach mbaineann aon phacáiste leis, nó<br>• go n- úsáidtear raon difríochta don idirbheart pacáiste.<br>Praghsanna agus eilimintí sonraí gaolmhara de na hidirbhearta (Airgeadra an phraghais) atá ina gcomhpháirteanna aonair den phacáiste; tuairiscítear iad nuair a bhíonn siad ar fáil.<br>Is féidir nach eol praghas idirbhirt an phacáiste nuair a thuairiscítear idirbheart nua, ach is féidir é a nuashonrú níos moille. |
| 54 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Airgeadra phraghas idirbhirt an phacáiste | An t- airgeadra ina n- ainmnítear praghas idirbhirt an phacáiste.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme más rud é<br>• nach mbaineann aon phacáiste leis, nó<br>• go n- úsáidtear raon difríochta don idirbheart pacáiste, nó<br>• má shloinntear an praghas idirbhirt an phacáiste ina |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | chéatadán. |
| 55 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Méid barúlach mhalairt 1 | Méid barúlach mhalairt 1 dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán seo. |
| 56 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Airgeadra barúlach 1 | I gcás inarb infheidhme: an t- airgeadra ina n- ainmnítear méid barúlach mhalairt 1. |
| | Tá na réimsí idir 57 agus 59 ath- indéanta, agus cuirfear ann iad i gcás díorthaigh lena mbaineann sceidil praghsanna | | |
| 57 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta éifeachtach mhéid barúlach mhalairt 1 | Dáta neamhchoigeartaithe ar a dtagann méid barúlach comhbhainteach mhalairt 1 i bhfeidhm. |
| 58 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta deiridh mhéid barúlach mhalairt 1 | Dáta deiridh neamhchoigeartaithe mhéid barúlach mhalairt 1 (ní bheidh sé infheidhme má thagann dáta deiridh neamhchoigeartaithe de sceideal faoi leith go díreach i ndiaidh dháta éifeachtach neamhchoigeartaithe na tréimhse ina diaidh sin). |
| 59 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | An méid barúlach atá i bhfeidhm an dáta éifeachtach a bhaineann le malairt 1 | Méid barúlach mhalairt 1 a thagann in éifeacht ar an dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe comhbhainteach. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 60 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Cainníocht bharúlach iomlán mhalairt 1 | Cainníocht bharúlach chomhiomlán na sócmhainne foluití de mhalairt 1 le haghaidh théarma an idirbhirt. I gcás nach eol an chainníocht bharúlach iomlán nuair a thuairiscítear idirbheart nua, nuashonrófar an chainníocht bharúlach iomlán de réir mar a bheidh sí ar fáil. |
| | Tá na réimsí idir 61 agus 63 ath- indéanta, agus cuirfear ann iad i gcás díorthaigh lena mbaineann sceidil praghsanna | | |
| 61 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta éifeachtach chainníocht bharúlach mhalairt 1 | Dáta neamhchoigeartaithe ar a dtagann méid barúlach comhbhainteach mhalairt 1 i bhfeidhm |
| 62 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta deiridh chainníocht bharúlach mhalairt 1 | Dáta deiridh neamhchoigeartaithe chainníocht bharúlach mhalairt 1<br>(ní bheidh sé infheidhme má thagann dáta deiridh neamhchoigeartaithe de sceideal faoi leith go díreach i ndiaidh<br>dháta éifeachtach neamhchoigeartaithe na tréimhse ina dhiaidh sin). |
| 63 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | An chainníocht bharúlach atá i bhfeidhm an dáta éifeachtach a bhaineann le malairt 1 | Cainníocht bharúlach mhalairt 1 a thagann i bhfeidhm ar an dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe comhbhainteach. |
| 64 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Méid barúlach mhalairt 2 | I gcás inarb infheidhme:, méid barúlach mhalairt 2 dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán seo. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 65 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Airgeadra barúlach 2 | I gcás inarb infheidhme: an t- airgeadra ina n- ainmnítear méid barúlach mhalairt 2.. |
| | Tá na réimsí idir 66 agus 68 ath- indéanta, agus cuirfear ann iad i gcás díorthaigh lena mbaineann sceidil praghsanna | | |
| 66 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta éifeachtach mhéid barúlach mhalairt 2 | Dáta neamhchoigeartaithe ar a dtagann méid barúlach comhbhainteach mhalairt 2 i bhfeidhm. |
| 67 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta deiridh mhéid barúlach mhalairt 2 | Dáta deiridh neamhchoigeartaithe mhéid barúlach mhalairt 2 (ní bheidh sé infheidhme má thagann dáta deiridh neamhchoigeartaithe de sceideal faoi leith go díreach i ndiaidh dháta éifeachtach neamhchoigeartaithe na tréimhse ina diaidh sin). |
| 68 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | An méid barúlach atá i bhfeidhm an dáta éifeachtach a bhaineann le malairt 2 | Méid barúlach mhalairt 2 a thagann i bhfeidhm ar an dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe comhbhainteach. |
| 69 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Cainníocht bharúlach iomlán mhalairt 2 | Cainníocht bharúlach chomhiomlán na sócmhainne foluití de mhalairt 2 le haghaidh théarma an idirbhirt. I gcás nach eol an chainníocht bharúlach iomlán nuair a thuairiscítear idirbheart nua, nuashonrófar an chainníocht bharúlach iomlán de réir mar a bheidh sí ar fáil. |
| | Tá na réimsí idir 70 agus 72 | | |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | ath- indéanta, agus cuirfear ann iad i gcás díorthaigh lena mbaineann sceidil praghsanna | | |
| 70 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta éifeachtach chainníocht bharúlach mhalairt 2 | Dáta neamhchoigeartaithe ar a dtagann méid barúlach comhbhainteach mhalairt 2 i bhfeidhm. |
| 71 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta deiridh chainníocht bharúlach mhalairt 2 | Dáta deiridh neamhchoigeartaithe chainníocht bharúlach mhalairt 2<br>(ní bheidh sé infheidhme má thagann dáta deiridh neamhchoigeartaithe de sceideal faoi leith go díreach i ndiaidh<br>dháta éifeachtach neamhchoigeartaithe na tréimhse ina dhiaidh sin). |
| 72 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | An chainníocht bharúlach atá i bhfeidhm an dáta éifeachtach a bhaineann le malairt 2 | Cainníocht bharúlach mhalairt 2 a thagann i bhfeidhm ar an dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe comhbhainteach. |
| | Beidh cuid de réimsí 73 go 78 ath- indéanta | | |
| 73 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Cineál eile íocaíochta | Cineál mhéid na híocaíochta eile.<br>Ní áirítear íocaíocht phréimhe rogha mar chineál íocaíochta óir tuairiscítear préimheanna le haghaidh rogha le heilimint sonraí thiomnaithe na préimhe rogha. |
| 74 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Méid eile íocaíochta | Méideanna íocaíochta móide cineálacha íocaíochta comhfhreagracha chun freastal ar cheanglais na dtuairiscí ar idirbhearta ó aicmí sócmhainní |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | difriúla. |
| 75 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Airgeadra eile íocaíochta | An t- airgeadra ina n- ainmnítear Méid íocaíochta eile. |
| 76 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Dáta eile íocaíochta | Dáta neamhchoigeartaithe ar a n- íoctar an méid íocaíochta eile. |
| 77 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Íocóir eile íocaíochta | Aitheantóir cheannaitheoir Mhéid na híocaíochta eile. |
| 78 | Roinn 2g - Mionsonraí maidir leis an idirbheart | Glacadóir eile íocaíochta | Aitheantóir fhaighteoir Mhéid na híocaíochta eile. |
| 79 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Ráta seasta mhalairt 1 nó cúpón | Tásc ar ghné 1 an ráta sheasta nó an chúpóin a úsáideadh, i gcás inarb infheidhme. |
| 80 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Nósmhaireacht áirimh lae ráta seasta nó cúpóin mhalairt 1 | I gcás inarb infheidhme: gnás áirimh laethanta (ar a dtugtar freisin go minic mar chodán áirimh laethanta nó bonn áirimh laethanta nó modh áirimh laethanta) lena gcinntear conas a ríomhtar íocaíochtaí úis. Úsáidtear é le codán bliana na tréimhse ríomha a ríomh, agus tásctar leis líon na laethanta sa tréimhse ríomha arna roinnt ar líon na laethanta sa bhliain. |
| 81 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Tréimhse minicíochta íocaíochta ráta seasta nó cúpóin mhalairt 1 | I gcás inarb infheidhme: aonad ama a bhaineann le minice na n- íocaíochtaí, e.g. lá, seachtain, mí, bliain nó téarma an tsruthaithe le haghaidh ráta seasta mhalairt 1 nó cúpóin. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 82 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Iolraitheoir thréimhse minicíochta íocaíochta ráta seasta nó cúpóin mhalairt 1 | I gcás inarb infheidhme: líon na n- aonad ama (arna léiriú le tréimhse mhinicíochta na híocaíochta) lena gcinntear an mhinicíocht ag a dtarlaíonn dátaí íocaíochta tréimhsiúla le haghaidh ráta seasta mhalairt 1 nó cúpóin. Mar shampla, léirítear idirbheart ina dtarlaíonn íocaíochtaí gach 2 mhí le tréimhse mhinicíochta íocaíochtaí 'MNTH' (mhíosúil) agus iolraitheoir 2 ar thréimhse mhinicíochta íocaíochta.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme má é 'ADHO' tréimhse minicíochta na híocaíochta. Más 'EXPI' í tréimhse mhinicíochta íocaíochta, is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 1 sa chás sin. Más minicíocht ionlae í minicíocht na híocaíochta, is ionann tréimhse mhinicíochta na híocaíochta ansin agus 'DAIL', agus is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 0. |
| 83 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Aitheantóir ráta comhlúthach mhalairt 1 | I gcás inarb infheidhme: aitheantóir ar na rátaí úis atá úsáidte a athshocraítear ag eatraimh réamhchinntithe faoi threoir ráta tagartha sa mhargadh. |
| 84 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Táscaire ráta comhlúthach mhalairt 1 | Tásc ar an ráta úis, más ann dó. |
| 85 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Ainm ráta comhlúthach mhalairt 1 | Ainm iomlán an ráta úis arna shannadh ag an soláthraí innéacs. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 86 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Nósmhaireacht áirimh lae ráta comhlúthach mhalairt 1 | I gcás inarb infheidhme: gnás áirimh laethanta (ar a dtugtar freisin go minic mar chodán áirimh laethanta nó bonn áirimh laethanta nó modh áirimh laethanta) lena gcinntear conas a ríomhtar íocaíochtaí úis le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 1. Úsáidtear é le codán bliana na tréimhse ríomha a ríomh, agus tásctar leis líon na laethanta sa tréimhse ríomha arna roinnt ar líon na laethanta sa bhliain. |
| 87 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Tréimhse minicíochta íocaíochta ráta comhlúthach mhalairt 1 | I gcás inarb infheidhme: aonad ama a bhaineann le minicíocht na n- íocaíochtaí, e.g. lá, seachtain, mí, bliain nó téarma an tsruthaithe le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 1. |
| 88 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Iolraitheoir thréimhse minicíochta íocaíochta ráta comhlúthaigh mhalairt 1 | I gcás inarb infheidhme: líon na n- aonad ama (arna léiriú le tréimhse mhinicíochta na híocaíochta) lena gcinntear minicíocht na ndátaí íocaíochta tréimhsiúla le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 1. Mar shampla, léirítear idirbheart ina dtarlaíonn íocaíochtaí gach 2 mhí le tréimhse mhinicíochta íocaíochtaí 'MNTH' (mhíosúil) agus iolraitheoir 2 ar thréimhse mhinicíochta íocaíochta.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme más é 'ADHO' tréimhse minicíochta na híocaíochta. Más 'EXPI' í tréimhse mhinicíochta íocaíochta, is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 1 sa chás sin. Más minicíocht ionlae í minicíocht na híocaíochta, is ionann tréimhse mhinicíochta na |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | híocaíochta ansin agus 'DAIL', agus is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 0. |
| 89 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Tréimhse thagartha ráta comhlúthach mhalairt 1 – tréimhse ama | Tréimhse ama ina gcuirtear síos ar an tréimhse thagartha le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 1. |
| 90 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Tréimhse thagartha ráta comhlúthach mhalairt 1 – iolraitheoir | Iolraitheoir na tréimhse ama ina gcuirtear síos ar an tréimhse thagartha le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 1. |
| 91 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Tréimhse minicíochta athshocraithe ráta comhlúthach mhalairt 1 | I gcás inarb infheidhme: aonad ama a bhaineann le minicíocht na n- athshocruithe íocaíochtaí, e.g. lá, seachtain, mí, bliain nó téarma an tsruthaithe le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 1. |
| 92 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Iolraitheoir minicíochta athshocraithe ráta comhlúthach mhalairt 1 | I gcás inarb infheidhme: líon na n- aonad ama (arna léiriú le tréimhse mhinicíochta na híocaíochta) lena gcinntear an mhinicíocht ag a dtarlaíonn dátaí athshocruithe íocaíochta tréimhsiúla le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 1. Mar shampla, léirítear idirbheart ina dtarlaíonn íocaíochtaí gach 2 mhí le tréimhse mhinicíochta íocaíochtaí 'MNTH' (mhíosúil) agus iolraitheoir 2 ar thréimhse mhinicíochta íocaíochta.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme más é 'ADHO' tréimhse minicíochta na híocaíochta. Más 'EXPI' í |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | tréimhse mhinicíochta íocaíochta, is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 1 sa chás sin. Más minicíocht ionlae í minicíocht na híocaíochta, is ionann tréimhse mhinicíochta na híocaíochta ansin agus 'DAIL', agus is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 0. |
| 93 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Raon difríochta mhalairt 1 | Tásc ar raon difríochta ghné 1, i gcás inarb infheidhme: le haghaidh idirbhearta díorthach thar an gcuntar lena mbaineann íocaíochtaí tréimhsiúla (e.g. babhtálacha ar ráta úis seasta/bonnbhabhtálacha, bonnbhabhtálacha ráta úis, babhtálacha tráchtearraí),<br>• raon difríochta ar phraghas tagartha innéacs na malairte comhlúthaí (na malairtí comhlúthacha) aonair, i gcás inarb ann do raon difríochta ar mhalairt(í) c(h)omhlúthach(a).<br>• difríocht idir praghsanna tagartha an dá innéacs malairte comhlúthaí. |
| 94 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Airgeadra raon difríochta mhalairt 1 | I gcás inarb infheidhme: an t- airgeadra ina n- ainmnítear raon difríochta mhalairt 1.<br>Ní bheidh airgeadra an phraghais infheidhme ach amháin má léirítear an praghas mar mhéid. |
| 95 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Ráta seasta mhalairt 2 | Tásc ar ghné 2 an ráta sheasta a úsáideadh, i gcás inarb infheidhme. |
| 96 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Nósmhaireacht áirimh lae ráta seasta mhalairt 2 | I gcás inarb infheidhme: gnás áirimh laethanta (ar a dtugtar freisin go minic mar chodán áirimh laethanta nó bonn |

GA GA

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | áirimh laethanta nó modh áirimh laethanta) lena gcinntear conas a ríomhtar íocaíochtaí úis. Úsáidtear é le codán bliana na tréimhse ríomha a ríomh, agus tásctar leis líon na laethanta sa tréimhse ríomha arna roinnt ar líon na laethanta sa bhliain. |
| 97 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Tréimhse minicíochta íocaíochta ráta seasta mhalairt 2 | I gcás inarb infheidhme: aonad ama a bhaineann le minice na n- íocaíochtaí, e.g. lá, seachtain, mí, bliain nó téarma an tsruthaithe le haghaidh ráta seasta mhalairt 2. |
| 98 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Iolraitheoir thréimhse minicíochta íocaíochta ráta seasta mhalairt 2 | I gcás inarb infheidhme: líon na n- aonad ama (arna léiriú le tréimhse mhinicíochta na híocaíochta) lena gcinntear an mhinicíocht ag a dtarlaíonn dátaí íocaíochta tréimhsiúla le haghaidh ráta seasta mhalairt 2. Mar shampla, léirítear idirbheart ina dtarlaíonn íocaíochtaí gach 2 mhí le tréimhse mhinicíochta íocaíochtaí 'MNTH' (mhíosúil) agus iolraitheoir 2 ar thréimhse mhinicíochta íocaíochta.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme má é 'ADHO' tréimhse minicíochta na híocaíochta. Más 'EXPI' í tréimhse mhinicíochta íocaíochta, is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 1 sa chás sin. Más minicíocht ionlae í minicíocht na híocaíochta, is ionann tréimhse mhinicíochta na híocaíochta ansin agus 'DAIL', agus is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 0. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 99 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Aitheantóir ráta comhlúthach mhalairt 2 | I gcás inarb infheidhme: aitheantóir ar na rátaí úis atá úsáidte a athshocraítear ag eatraimh réamhchinntithe faoi threoir ráta tagartha sa mhargadh |
| 100 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Táscaire ráta comhlúthach mhalairt 2 | Tásc ar an ráta úis, más ann dó. |
| 101 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Ainm ráta comhlúthach mhalairt 2 | Ainm iomlán an ráta úis arna shannadh ag an soláthraí innéacs. |
| 102 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Nósmhaireacht áirimh lae ráta comhlúthach mhalairt 2 | I gcás inarb infheidhme: gnás áirimh laethanta (ar a dtugtar freisin go minic mar chodán áirimh laethanta nó bonn áirimh laethanta nó modh áirimh laethanta) lena gcinntear conas a ríomhtar íocaíochtaí úis le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 2. Úsáidtear é le codán bliana na tréimhse ríomha a ríomh, agus tásctar leis líon na laethanta sa tréimhse ríomha arna roinnt ar líon na laethanta sa bhliain. |
| 103 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Tréimhse minicíochta íocaíochta ráta comhlúthach mhalairt 2 | I gcás inarb infheidhme: aonad ama a bhaineann le minicíocht na n- íocaíochtaí, e.g. lá, seachtain, mí, bliain nó téarma an tsruthaithe le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 2. |
| 104 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Iolraitheoir thréimhse minicíochta íocaíochta ráta comhlúthach mhalairt 2 | I gcás inarb infheidhme: líon na n- aonad ama (arna léiriú le tréimhse mhinicíochta na híocaíochta) lena gcinntear an mhinicíocht ag a dtarlaíonn dátaí íocaíochta tréimhsiúla le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 2. Mar shampla, léirítear idirbheart ina dtarlaíonn íocaíochtaí gach 2 mhí le tréimhse mhinicíochta |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | íocaíochtaí 'MNTH' (mhíosúil) agus iolraitheoir 2 ar thréimhse mhinicíochta íocaíochta. Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme má é 'ADHO' tréimhse minicíochta na híocaíochta. Más 'EXPI' í tréimhse mhinicíochta íocaíochta, is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 1 sa chás sin. Más minicíocht ionlae í minicíocht na híocaíochta, is ionann tréimhse mhinicíochta na híocaíochta ansin agus 'DAIL', agus is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 0. |
| 105 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Tréimhse thagartha ráta comhlúthach mhalairt 2 – tréimhse ama | Tréimhse ama ina gcuirtear síos ar an tréimhse thagartha le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 2. |
| 106 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Tréimhse thagartha ráta comhlúthach mhalairt 2 – iolraitheoir | Iolraitheoir na tréimhse ama ina gcuirtear síos ar an tréimhse thagartha le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 2. |
| 107 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Tréimhse minicíochta athshocraithe ráta comhlúthach mhalairt 2 | I gcás inarb infheidhme: aonad ama a bhaineann le minicíocht na n- athshocruithe íocaíochtaí, e.g. lá, seachtain, mí, bliain nó téarma an tsruthaithe le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 2. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 108 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Iolraitheoir minicíochta athshocraithe ráta comhlúthach mhalairt 2 | I gcás inarb infheidhme: líon na n- aonad ama (arna léiriú le tréimhse mhinicíochta na híocaíochta) lena gcinntear an mhinicíocht ag a dtarlaíonn dátaí athshocruithe íocaíochta tréimhsiúla le haghaidh ráta comhlúthach mhalairt 2. Mar shampla, léirítear idirbheart ina dtarlaíonn íocaíochtaí gach 2 mhí le tréimhse mhinicíochta íocaíochtaí 'MNTH' (mhíosúil) agus iolraitheoir 2 ar thréimhse mhinicíochta íocaíochta.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme má é 'ADHO' tréimhse minicíochta na híocaíochta. Más 'EXPI' í tréimhse mhinicíochta íocaíochta, is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 1 sa chás sin. Más minicíocht ionlae í minicíocht na híocaíochta, is ionann tréimhse mhinicíochta na híocaíochta ansin agus 'DAIL', agus is ionann iolraitheoir thréimhse mhinicíochta na híocaíochta agus 0. |
| 109 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Raon difríochta mhalairt 2 | Tásc ar raon difríochta ghné 2, i gcás inarb infheidhme: le haghaidh idirbhearta díorthach thar an gcuntar lena mbaineann íocaíochtaí tréimhsiúla (e.g. babhtálacha ar ráta úis seasta nó bonnbhabhtálacha, bonnbhabhtálacha ráta úis, babhtálacha tráchtearraí),<br>• raon difríochta ar phraghas tagartha innéacs na malairte comhlúthaí (na malairtí comhlúthacha) aonair, i gcás inarb ann do raon difríochta ar mhalairt(í) c(h)omhlúthach(a).<br>• difríocht idir praghsanna tagartha an dá innéacs malairte |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | comhlúthaí. |
| 110 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Airgeadra raon difríochta mhalairt 2 | I gcás inarb infheidhme: an t- airgeadra ina n- ainmnítear raon difríochta mhalairt 2.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme ach amháin más mar mhéid airgeadaíochta a léireofar an raon difríochta. |
| 111 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Raon difríochta idirbhirt pacáiste | Praghas trádáilte an phacáiste fhoriomláin inar comhpháirt é an t- idirbheart díorthach atá tuairiscithe d'idirbheart pacáiste.<br>Praghas idirbhirt an phacáiste nuair a léirítear an pacáiste mar raon difríochta, an difríocht idir dhá phraghas thagartha.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme más rud é<br>• nach mbaineann aon phacáiste leis, nó<br>• má úsáidtear praghas idirbheart an phacáiste.<br>Raon difríochta agus eilimintí sonraí gaolmhara de na hidirbhearta (airgeadra an raoin difríochta) atá ina gcomhpháirteanna aonair den phacáiste; tuairiscítear nuair a bhíonn siad ar fáil.<br>Is féidir nach eol praghas idirbhirt an phacáiste nuair a thuairiscítear idirbheart nua, ach gur féidir é a nuashonrú níos moille. |
| 112 | Roinn 2h - Rátaí Úis | Airgeadra raon difríochta idirbhirt an phacáiste | An t- airgeadra ina n- ainmnítear raon difríochta idirbhirt an phacáiste.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme más rud é<br>• nach mbaineann aon phacáiste leis, nó |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | • má úsáidtear praghas idirbheart an phacáiste, nó<br>• má léirítear praghas idirbhirt an phacáiste ina chéatadán nó ina bhonnphointí. |
| 113 | Roinn 2i – Malairt Eachtrach | Ráta malairte 1 | Ráta malairte idir an dá airgeadra dhifriúla arna sonrú san idirbheart díorthach atá comhaontaithe ag na contrapháirtithe nuair a thionscnaítear an t- idirbheart, arna léiriú mar an ráta malairte ó chomhshó airgeadra an aonaid isteach san airgeadra luaite. |
| 114 | Roinn 2i – Malairt Eachtrach | Réamhchonradh malairte | Réamhchonradh malairte arna chomhaontú idir na contrapháirtithe sa chomhaontú conarthach. Is mar praghas an bhunairgeadra san airgeadra luaite a léireofar é. |
| 115 | Roinn 2i – Malairt Eachtrach | Bonn rátaí malairte | Péire airgeadraí agus an t- ord ina n- ainmnítear an ráta malairte, arna léiriú mar airgeadra aonaid nó airgeadra luaite. |
| 116 | Roinn 2j - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Ginearálta) | Bonntáirge | Bonntáirge arna shonrú san aicmiú tráchtearraí i dTábla 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588*]. |
| 117 | Roinn 2j - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Ginearálta) | Fotháirge | Fotháirge arna shonrú san aicmiú tráchtearraí i dTábla 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588*]<br>Éilítear bonntáirge sonracha sa réimse leis an réimse seo. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 118 | Roinn 2j - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Ginearálta) | Fotháirge breise | Fotháirge breise arna shonrú san aicmiú tráchtearraí i dTábla 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588]*<br>Éilítear fotháirge sonracha sa réimse leis an réimse seo. |
| 119 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Pointe nó crios an tseachadta | Pointe (pointí) seachadta nó limistéar (limistéir) m(h)argaidh. |
| 120 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Pointe Idirnaisc | Sainaithint na teorann (dteorainneacha) nó an phointe (na bpointí) teorann de chonradh iompraíochta. |
| 121 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Cineál luchtaithe | Sainaithint na próifíle seachadta. |
| | Beidh cuid de réimsí 122 go 131 in- athdhéanta | | |
| 122 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Am tosaigh an eatraimh sheachadta | Am tosaigh an eatraimh sheachadta le haghaidh gach bloic nó crutha. |
| 123 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Am críochnaithe an eatraimh sheachadta | Am deiridh an eatraimh sheachadta le haghaidh gach bloic nó crutha. |
| 124 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Dáta tosaithe an tseachadta | Dáta tosaigh an tseachadta. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 125 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Dáta críochnaithe an tseachadta | Dáta deiridh seachadta. |
| 126 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Marthanacht | Fad na tréimhse seachadta. |
| 127 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Laethanta na seachtaine | Laethanta na seachtaine ar a dtarlaíonn an seachadadh. |
| 128 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Acmhainneacht seachadta | An líon aonad a áirítear leis an idirbheart le haghaidh gach eatraimh seachadta a shonraítear i réimsí 122 agus 123. |
| 129 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Aonad Cainníochta | An t- aonad tomhais a úsáidtear. |
| 130 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Praghas de réir na cainníochta in aghaidh an eatraimh sheachadta | Más infheidhme, praghas in aghaidh cainníochta in aghaidh an eatraimh ama seachadta. |
| 131 | Roinn 2k - Tráchtearraí agus liúntais astaíochtaí (Fuinneamh) | Airgeadra chainníocht an eatraimh praghais/ama | An t- airgeadra ina léirítear cainníocht an phraghais in aghaidh an eatraimh ama. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 132 | Roinn 2l - Roghanna | Cineál na rogha | Tásc cé acu atá an conradh díorthach ina chéadrogha ar cheannach (ceart chun sócmhainn fholuiteach shonrach a cheannach) nó ina chéadrogha ar díol (ceart chun sócmhainn fholuiteach shonrach a dhíol) nó nach féidir a chinneadh cé acu atá sé ina ghlao nó ina chéadrogha ar díol tráth curtha i gcrích an chonartha dhíorthaigh.<br>I gcás roghtálacha, beidh sé ina:<br>- 'Rogha ar dhíol', i gcás roghtála faighteora, ina bhfuil an ceart ag an gceannaitheoir babhtáil a dhéanamh mar fhaighteoir ráta sheasta.<br>- 'Rogha ar cheannach', i gcás roghtála íocóra, ina bhfuil an ceart ag an gceannaitheoir babhtáil a dhéanamh mar fhaighteoir ráta sheasta.<br>I gcás Caidhpeanna agus Íosrátaí beidh sé ina:<br>- 'Rogha ar dhíol', i gcás Íosráta.<br>-'Rogha ar cheannach', i gcás Caidhpe. |
| 133 | Roinn 2l - Roghanna | Stíl na rogha | Sainaithnítear léi cé acu an féidir nó nach féidir an rogha a fheidhmiú ar dháta socraithe amháin (stíl Eorpach), ar shraith dátaí réamhshonraithe (stíl Bheirmiúda) nó tráth ar bith i rith shaol an chonartha (stíl Mheiriceánach). |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 134 | Roinn 2l - Roghanna | Praghas ceangail | • Le haghaidh roghanna seachas roghanna malairte eachtraí, roghtálacha agus táirgí comhchosúla, an praghas ag ar féidir le húinéir rogha sócmhainn fholuiteach na rogha a cheannach nó a dhíol.<br>• Le haghaidh roghanna malairte eachtraí, ráta malairte ag ar féidir an rogha a fheidhmiú, arna léiriú mar an ráta malairte ó chomhshó airgeadra an aonaid isteach san airgeadra luaite. Sa sampla 0.9426 USD/EUR, is é USD an t- airgeadra aonaid agus is é EUR an t- airgeadra luaite; USD 1 = EUR 0.9426. I gcás nach eol an praghas ceangail nuair a thuairiscítear idirbheart nua, déantar an praghas ceangail a nuashonrú de réir mar a éiríonn sé ar fáil.<br>• Le haghaidh babhtálacha luaineachta agus athrúcháin agus táirgí comhchosúla, tuairiscítear an praghas ceangail luaineachta a thuairisciú san eilimint sonraí seo. |
| | Tá na réimsí 135- 137 in- athdhéanta agus cuirfear ann iad i gcás díorthaigh lena mbaineann sceidil maidir le praghas ceangail | | |
| 135 | Roinn 2l - Roghanna | Dáta éifeachtach an phraghais ceangail | Dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe an phraghais ceangail. |
| 136 | Roinn 2l - Roghanna | Dáta deiridh an phraghais ceangail | Dáta deiridh neamhchoigeartaithe an phraghais ceangail (ní bheidh sé infheidhme má |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | thagann dáta deiridh neamhchoigeartaithe de sceideal faoi leith go díreach i ndiaidh<br>dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe na tréimhse ina dhiaidh sin). |
| 137 | Roinn 2l - Roghanna | Praghas ceangail i bhfeidhm an dáta éifeachtach gaolmhar | An praghas ceangail atá i bhfeidhm idir an dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe agus an dáta deiridh neamhchoigeartaithe, agus an dá dháta sin san áireamh. |
| 138 | Roinn 2l - Roghanna | Airgeadra/péire airgeadra an phraghais ceangail | Le haghaidh roghanna cothromais, roghanna tráchtearraí, agus táirgí comhchosúla, an t- airgeadra ina n- ainmnítear an praghas ceangail.<br>Le haghaidh roghanna malairte eachtraí: Péire airgeadraí agus an t- ord ina n- ainmnítear an praghas ceangail. Léirítear mar airgeadra aonaid in aghaidh an airgeadra luaite é. |
| 139 | Roinn 2l - Roghanna | Méid phréimh na rogha | Le haghaidh roghanna agus roghtálacha ar gach aicme sócmhainní, an méid airgeadaíochta arna íoc ag ceannaitheoir na rogha.<br>Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme mura rogha atá san ionstraim nó nach bhfuil aon roghnaíocht leabaithe inti. |
| 140 | Roinn 2l - Roghanna | Airgeadra phréimh na rogha | Le haghaidh roghanna agus roghtálacha ar gach aicme sócmhainní, an t- airgeadra ina n- ainmnítear méid na préimhe roghanna. Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme mura rogha atá san ionstraim nó nach bhfuil aon roghnaíocht leabaithe inti. |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 141 | Roinn 2l - Roghanna | Dáta íocaíochta phréimh na rogha | Dáta neamhchoigeartaithe ar a n- íoctar préimh na rogha. |
| 142 | Roinn 2i - Roghanna | Dáta aibíochta phréimh na rogha forluití | I gcás babhtálacha, dáta aibíochta na babhtála foluití. |
| 143 | Roinn 2m – Díorthaigh chreidmheasa | Sinsearacht | Tásctar leis sinsearacht an urrúis fiachais, nó bascaed fiachais nó innéacs a fholuíonn faoi dhíorthach. |
| 144 | Roinn 2m – Díorthaigh chreidmheasa | Eintiteas tagartha | Sainaithint an eintitis tagartha fholuitigh. |
| 145 | Roinn 2m – Díorthaigh chreidmheasa | Sraith | Sraithuimhir chomhdhéanamh an innéacs más infheidhme. |
| 146 | Roinn 2m – Díorthaigh chreidmheasa | Leagan | Eisítear leagan nua de shraith má mhainníonn ceann amháin de na comhpháirteanna, agus más gá an t- innéacs a athualú chun líon iomlán na gcomhpháirteanna iomlána laistigh den innéacs a thabhairt san áireamh. |
| 147 | Roinn 2m – Díorthaigh chreidmheasa | Toisc innéacs | An fachtóir le cur i bhfeidhm ar an ghné Bharúlach (réimse 55 sa Tábla seo) lena choigeartú do na teagmhais chreidmheasa roimhe seo uile sa tsraith Innéacs sin. |
| 148 | Roinn 2m – Díorthaigh chreidmheasa | Tráthchuid | Tásc faoi cé acu atá nó nach bhfuil conradh díorthach ina thráthchuid. |
| 149 | Roinn 2m – Díorthaigh chreidmheasa | Pointe astaithe innéacs Bhabhtáil Díorthach Creidmheasa (CDS) | Pointe sainithe níos ísle ag a laghdaítear an ghné bharúlach de thráthchuid leis an leibhéal caillteanas sa phunann fholuiteach. Mar shampla, laghdófar an ghné bharúlach i dtráthchuid lena mbaineann |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | pointe astaithe 3 % tar éis do 3 % de chaillteanais sa phunann tarlú. Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme mura idirbheart tráthchoda CDS é an t- idirbheart (innéacs nó bascaed saincheaptha). |
| 150 | Roinn 2m – Díorthaigh chreidmheasa | Pointe dí- astaithe innéacs Bhabhtáil Díorthach Creidmheasa (CDS) | Pointe sainithe nach laghdaítear gné bharúlach tráthchoda leis na caillteanais sa phunann fholuiteach thairis. Mar shampla, laghdófar an ghné bharúlach i dtráthchuid lena mbaineann pointe astaithe 3 % agus pointe dí- astaithe 6 % tar éis do 3 % de chaillteanais sa phunann tarlú. Caillteanais 6 % sa phunann cheal gné bharúlach na tráthchoda. Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme mura idirbheart tráthchoda CDS é an t- idirbheart (innéacs nó bascaed saincheaptha). |
| 151 | Roinn 2n - Modhnuithe ar an díorthach | Cineál gníomhaíochta | • Nua: Tuarascáil ar dhíorthach, ar leibhéal trádála nó suímh, den chéad uair.<br>• Modhnú: Modhnú ar na téarmaí nó na mionsonraí de chuid díorthach a tuairiscíodh roimhe seo, ar leibhéal trádála nó suímh, ach nach ceartú ar an tuarascáil é.<br>• Ceart: Tuarascáil lena gceartaítear réimsí sonraí earráideacha ó thuarascáil a tíolacadh roimhe seo.<br>• Foirceannadh: Foirceannadh díorthaigh atá ann cheana, ar leibhéal trádála nó suímh.<br>• Earráid: Cealú ar thuarascáil iomlán a tíolacadh go mícheart i gcás an díorthaigh, ar leibhéal trádála nó suímh, níor tháinig sé ar an saol ná níor tháinig sé faoi réir cheanglais tuairiscithe |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ach tuairiscíodh é chuig stór trádála trí dhearmad nó cealú ar thuarascáil dhúblach.<br>• Athbheochan: Athoscailt díorthaigh, ar leibhéal trádála nó suímh, a cuireadh ar ceal le cineál gníomhaíochta 'Earráid' nó a foirceannadh trí dhearmad.<br>• Luacháil: Nuashonrú ar luacháil díorthaigh, ar leibhéal trádála nó suímh<br>• Comhpháirt suímh: Tuarascáil ar dhíorthach nua a áirítear le tuarascáil suímh ar leithligh ar an lá céanna. |
| 152 | Roinn 2n - Modhnuithe ar an díorthach | Cineál imeachta | • Trádáil: Tabhairt i gcrích díorthaigh nó athchaibidlíocht ar a théarmaí nach dtagann athrú ar chontrapháirtí dá thoradh<br>• Ionadú: Imeacht, ina n- aistrítear cuid nó iomláine an díorthaigh chuig contrapháirtí 2 (agus a thuairiscítear mar dhíorthach nua) agus déantar an díorthach atá ann faoi láthair a fhoirceannadh nó déantar modhnú ar a ghné bharúlach.<br>• PTRR: Cleachtadh laghdaithe riosca iarthrádála<br>• Foirceannadh luath: Foirceannadh ar dhíorthach, ar leibhéal trádála nó suímh<br>• Imréiteach: Imréiteach mar a shainítear in Airteagal 2 pointe (3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012<br>• Feidhmiú: Feidhmiú rogha nó roghtála ag contrapháirtí amháin san idirbheart, go hiomlán nó go páirteach.<br>• Leithdháileadh: Teagmhas leithdháilte, i gcás ina leithdháiltear díorthach atá ann |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | faoi láthair do chontrapháirtithe difriúla agus a thuairiscítear mar dhíorthaigh nua lena mbaineann méideanna barúlacha laghdaithe.<br>• Teagmhas creidmheasa: Ní bheidh feidhm aige ach amháin ar dhíorthaigh chreidmheasa. Teagmhas creidmheasa óna dtagann modhnú ar dhíorthach, ar leibhéal trádála nó poist Teagmhas corparáide: Gníomhaíocht chorparáideach ar chothromas foluiteach a théann i bhfeidhm ar na díorthaigh ar an gcothromas sin<br>• Cuimsiú sa suíomh: Áireamh díorthaigh CPL- imréitithe nó CFD le suíomh, i gcás ina ndéantar díorthach atá ann cheana féin a fhoirceannadh, agus ina gcruthaítear suíomh nua nó ina modhnaítear gné bharúlach a bhaineann le suíomh atá ann faoi láthair. Nuashonrú - Nuashonrú ar dhíorthach atá fós gan íoc a rinneadh le linn na hidirthréimhse d'fhonn a chomhréireacht leis na ceanglais tuairiscithe leasaithe a áirithiú |
| 153 | Roinn 2n - Modhnuithe ar an díorthach | Dáta imeachta | An dáta ar ar tharla an teagmhas intuairiscithe a bhaineann leis an gconradh díorthach agus arna ghabháil ag an tuarascáil, nó i gcás modhnú nuair a thagann an modhnú i bhfeidhm. |
| 154 | Roinn 2n - Modhnuithe ar an díorthach | Leibhéal | Tásc cibé a rinneadh nó nach ndearnadh an tuarascáil ar leibhéal trádála nó suímh.<br>Ní féidir an tuarascáil ar leibhéal suímh a úsáid ach amháin mar fhorlíonadh leis an tuairisciú ar leibhéal trádála |

| | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | chun teagmhais iarthrádála a thuairisciú, agus ní féidir í a úsáid ach amháin má cuireadh an suíomh in ionad trádálacha aonair i dtáirgí idirmhalartacha. |

Tábla 3

| Ítim | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 1 | Páirtithe an díorthaigh | Stampa ama tuairiscithe | Dáta agus am tíolactha na tuarascála chuig an stór trádála. |
| 2 | Páirtithe an díorthaigh | Uimhir aitheantais an eintitis a chuireann tuarascáil isteach | I gcás inar tharmlig an t- eintiteas atá freagrach as tuairisciú tíolacadh na tuarascála chuig tríú páirtí nó chuig an gcontraph※páirtí eile, is gá an t- eintiteas sin a aithint sa réimse sin le cód uathúil. Seachas sin, ba cheart an t- eintiteas atá freagrach as tuairisciú a shainaithint sa réimse sin. |
| 3 | Páirtithe an díorthaigh | Eintiteas atá freagrach as tuairisciú | I gcás inarb é amháin contrapháirtí airgeadais atá freagrach, agus atá faoi dhliteanas dlíthiúil amháin, as tuairisciú a dhéanamh ar son an dá chontraphháirtí i gcomhréir le hAirteagal 9(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus nach gcinneann an contraphháirtí neamhairgeadais é féin mionsonraí a chonarthaí díorthach thar an gcuntar leis an gcontraphháirtí airgeadais a thuairisciú, ar an gcód uathúil lena sainaithnítear an contraphháirtí airgeadais. I gcás inar cuideachta bainistíochta atá freagrach, agus atá faoi dhliteanas dlíthiúil, as tuairisciú a dhéanamh thar ceann Ghnóthas le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe (UCITS) i gcomhréir le hAirteagal 9(1b) den Rialachán sin, ar an gcód uathúil lena sainaithnítear an chuideachta bainistíochta sin. I gcás inar Bainisteoir Ciste Infheistíochta Mhalartaigh (AIFM) atá freagrach, agus atá faoi dhliteanas dlíthiúil, as tuairisciú a dhéanamh |

| Ítim | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | thar ceann Chiste Infheistíochta Malartach (AIF) i gcomhréir le hAirteagal 9(1c) den Rialachán sin, ar an gcód uathúil lena sainaithnítear an AIFM sin. I gcás ina bhfuil eintiteas údaraithe atá freagrach as IORP a bhainistiú agus as feidhmiú thar a cheann freagrach, agus faoi dhliteanas dlíthiúil, as tuairisciú a dhéanamh thar a cheann i gcomhréir le hAirteagal 9(1d) den Rialachán sin, ar an gcód uathúil lena sainaithnítear an t- eintiteas sin.<br>Níl bheidh an réimse seo infheidhme ach amháin maidir le díorthaigh thar an gcuntar. |
| 4 | Páirtithe an díorthaigh | Contrapháirtí 1 (Contrapháirtí tuairiscithe) | Aitheantóir an chontrapháirtí in idirbheart díorthach a chomhlíonann a oibleagáid tuairiscithe trí mheán na tuarascála faoi thrácht.<br>I gcás idirbheart díorthach leithdháilte a fhorghníomhaíonn bainisteoir ciste thar ceann ciste, is é an ciste agus an bainisteoir ciste a thuairiscítear mar an contrapháirtí. |
| 5 | Páirtithe an díorthaigh | Cineál aitheantóra chontrapháirtí 2 | Táscaire cibé ar úsáideadh nó nár úsáideadh LEI chun contrapháirtí 2 a shainaithint. |
| 6 | Páirtithe an díorthaigh | Contrapháirtí 2 | Aitheantóir an dara contrapháirtí in idirbheart díorthach.<br>I gcás idirbheart díorthach leithdháilte a fhorghníomhaíonn bainisteoir ciste thar ceann ciste, is é an ciste agus an bainisteoir ciste a thuairiscítear mar an contrapháirtí. |
| 7 | Comhthaobhacht | Stampa ama comhthaobhachta | Dáta agus am amhail a thuairiscítear luachanna na n- éarlaisí. |

| **Ítim** | **Roinn** | **Réimse** | **Mionsonraí atá le tuairisciú** |
|---|---|---|---|
| 8 | Comhthaobhacht | Táscaire punainne comhthaobhachta | Táscaire cibé a rinneadh nó nach ndearnadh an chomhthaobhacht ar bhonn punainne. Le “ar bhonn punainne”, ciallaítear leis sraith idirbheart a chuirtear in éarlais le chéile (ar bhonn glan nó comhlán) i gcodarsnacht leis an gcás ina ríomhtar agus ina mbreactar an éarlais le haghaidh gach idirbheart aonair ar leithligh. |
| 9 | Comhthaobhacht | Cód punainne comhthaobhachta | Má dhéantar an chomhthaobhacht a thuairisciú ar bhonn punainne, cód uathúil arna shannadh ag contrapháirtí 1 don phunann. Ní bheidh an eilimint sonraí seo infheidhme má rinneadh soláthar urrúis chomhthaobhaigh ar bhonn leibhéal an idirbhirt, nó mura bhfuil aon chomhaontú comhthaobhachta nó mura bhfuil aon chomhthaobhacht bhreactha nó faighte. |
| 10 | Comhthaobhacht | Aitheantóir Uathúil Trádála | Aitheantóir Uathúil Trádála dá dtagraítear in Airteagal 7 de [*Oifig na bhFoilseachán, ionsáigh tagairt do C(2022) 3588]*. |
| 11 | Comhthaobhacht | Catagóir soláthair urrúis chomhthaobhaigh | Tabhair le fios cé acu atá ann nó nach bhfuil ann do chomhaontú comhthaobhachta idir na contrapháirtithe.<br>Foráiltear an eilimint sonraí seo maidir le gach idirbheart nó gach punann, ag brath ar cibé a dhéantar nó nach ndéantar an comhthaobhú ar leibhéal na n- idirbheart agus na bpunann, agus beidh sé infheidhme maidir le hidirbhearta imréitithe agus neamh- imréitithe. |

| Ítim | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 12 | Comhthaobhacht | An corrlach tosaigh arna bhreacadh ag contrapháirtí 1 (roimh an gcaolchorrlach) | Luach airgeadaíochta na héarlaise tosaigh atá breactha ag contrapháirtí 1, lena n- áirítear aon chorrlach atá faoi bhealach agus ar feitheamh socraíochta.<br>Má dhéantar an comhthaobhú ar leibhéal na punainne, baineann an éarlais tosaigh a bhreactar leis an bpunann go léir; má dhéantar an comhthaobhú le haghaidh idirbhearta aonair, baineann an éarlais tosaigh a bhreactar le hidirbheart aonair mar sin.<br>Tagraíonn an réimse seo do luach reatha iomlán an chorrlaigh tosaigh, seachas dá athrú laethúil.<br>Tagraíonn an eilimint sonraí d'idirbhearta neamh- imréitithe agus d'idirbhearta a réitítear go lárnach araon.<br>I gcás idirbhearta a imréitítear go lárnach, ní áirítear leis an eilimint sonraí ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana, ná comhthaobhacht a bhreactar in aghaidh fhorálacha leachtachta chuig an CPL, i.e. línte creidmheasa geallta.<br>Má ainmnítear an éarlais tosaigh atá breactha i mbreis agus airgeadra amháin, tiontaítear na méideanna sin chuig airgeadra aonair arna roghnú ag contrapháirtí 1 agus tuairiscítear mar luach iomlán amháin iad. |
| 13 | Comhthaobhacht | An corrlach tosaigh arna bhreacadh ag contrapháirtí 1 (tar éis an chaolchorrlaigh) | Luach airgeadaíochta na héarlaise tosaigh atá breactha ag contrapháirtí 1, lena n- áirítear aon chorrlach atá faoi bhealach agus ar feitheamh socraíochta.<br>Má dhéantar an comhthaobhú ar leibhéal na punainne, baineann an éarlais tosaigh a bhreactar leis an bpunann go léir; má dhéantar an comhthaobhú le haghaidh idirbhearta aonair, baineann an éarlais tosaigh a bhreactar le hidirbheart aonair mar sin.<br>Tagraíonn an réimse seo do luach iomlán reatha na héarlaise tosaigh tar éis chur i bhfeidhm an chaolchorrlaigh (más infheidhme), seachas dá athrú laethúil. |

| Ítim | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | Tagraíonn an eilimint sonraí d'idirbhearta neamh- imréitithe agus d'idirbhearta a réitítear go lárnach araon. I gcás idirbhearta a imréitítear go lárnach, ní áirítear leis an eilimint sonraí ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana, ná comhthaobhacht a bhreactar in aghaidh fhorálacha leachtachta chuig an CPL, i.e. línte creidmheasa geallta.<br>Má ainmnítear an éarlais tosaigh atá breactha i mbreis agus airgeadra amháin, tiontaítear na méideanna sin chuig airgeadra aonair arna roghnú ag contrapháirtí 1 agus tuairiscítear mar luach iomlán amháin iad. |
| 14 | Comhthaobhacht | Airgeadra an chorrlaigh thosaigh arna bhreacadh | An t- airgeadra ina n- ainmnítear an éarlais tosaigh atá breactha.<br>Má ainmnítear an éarlais tosaigh atá breactha i mbreis agus airgeadra amháin, léiríonn an eilimint sonraí seo ceann de na hairgeadraí sin, ar roghnaigh contrapháirtí 1 na luachanna ar fad de na héarlaisí tosaigh atá breactha a chomhshó chuige. |
| 15 | Comhthaobhacht | An corrlach athróige arna bhreacadh ag contrapháirtí 1 (roimh an gcaolchorrlach) | Luach airgeadaíochta na héarlaise athrúcháin atá breactha ag contrapháirtí 1, lena n- áirítear an éarlais airgeadsocraithe agus aon éarlais atá faoi bhealach agus ar feitheamh socraíochta.<br>Níl an éarlais athrúcháin theagmhasach san áireamh.<br>Má dhéantar an comhthaobhú ar leibhéal na punainne, baineann an éarlais athrúcháin a bhreactar leis an bpunann go léir; má dhéantar an comhthaobhú le haghaidh idirbhearta aonair, baineann an éarlais athrúcháin a bhreactar le hidirbheart aonair mar sin.<br>Tagraíonn an réimse seo do luach reatha iomlán na héarlaise athrúcháin, arna carnadh ó chéad- tuairisciú na n- éarlaisí athrúcháin atá breactha le haghaidh na punainne nó an idirbhirt.<br>Má ainmnítear an éarlais athrúcháin atá breactha i mbreis agus airgeadra amháin, |

| Ítim | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | comhshóitear na méideanna sin chuig airgeadra aonair arna roghnú ag contrapháirtí 1 agus tuairiscítear mar luach iomlán amháin iad. |
| 16 | Comhthaobhacht | An corrlach athróige arna bhreacadh ag contrapháirtí 1 (tar éis an chaolchorrlaigh) | Luach airgeadaíochta na héarlaise athrúcháin atá breactha ag contrapháirtí 1, lena n- áirítear an éarlais airgeadsocraithe agus aon éarlais atá faoi bhealach agus ar feitheamh socraíochta.<br>Níl an éarlais athrúcháin theagmhasach san áireamh.<br>Má dhéantar an comhthaobhú ar leibhéal na punainne, baineann an éarlais athrúcháin a bhreactar leis an bpunann go léir; má dhéantar an comhthaobhú le haghaidh idirbhearta aonair, baineann an éarlais athrúcháin a bhreactar le hidirbheart aonair mar sin.<br>Tagraíonn an réimse seo do luach reatha iomlán na héarlaise athrúcháin tar éis chur i bhfeidhm an chaolchorrlaigh, más infheidhme, arna carnadh ó chéad- tuairisciú na héarlaise athrúcháin atá breactha le haghaidh na punainne nó an idirbhirt.<br>Má ainmnítear an éarlais athrúcháin atá breactha i mbreis agus airgeadra amháin, comhshóitear na méideanna sin chuig airgeadra aonair arna roghnú ag contrapháirtí 1 agus tuairiscítear mar luach iomlán amháin iad. |

| Ítim | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 17 | Comhthaobhacht | Airgeadra na gcorrlach athróige arna mbreacadh | An t- airgeadra ina n- ainmnítear an éarlais athrúcháin atá breactha.<br>Má ainmnítear an éarlais athrúcháin atá breactha i mbreis agus airgeadra amháin, léiríonn an eilimint sonraí seo ceann de na hairgeadraí sin, ar roghnaigh contrapháirtí 1 na luachanna ar fad de na héarlaisí tosaigh atá breactha a chomhshó chuige. |
| 18 | Comhthaobhacht | An chomhthaobhacht iomarcach arna breacadh ag contrapháirtí 1 | Luach airgeadúil aon chomhthaobhacht bhreise arna postáil ag contrapháirtí 1 ar leithligh agus neamhspleách ar an gcorrlach tosaigh agus ar an gcorrlach athrúcháin.<br>Tagraíonn an réimse seo do luach reatha iomlán na comhthaobhachta iomarcaí roimh chur i bhfeidhm an chaolchorrlaigh, más infheidhme, seachas don athrú laethúil.<br>Aon mhéid corrlaigh tosaigh nó athrúcháin a phostáiltear a sháraíonn an corrlach tosaigh a cheanglaítear nó an corrlach athrúcháin a cheanglaítear, tuairiscítear é mar chuid den chorrlach tosaigh postáilte nó den chorrlach athrúcháin postáilte faoi seach, in ionad é a chur san áireamh mar chomhthaobhacht iomarcach phostáilte.<br>I gcás idirbhearta a imréitítear go lárnach, ní thuairiscítear comhthaobhacht iomarcach ach amháin a mhéid is féidir é a shannadh do phunann nó d’idirbheart sonrach. |
| 19 | Comhthaobhacht | Airgeadra na comhthaobhachta iomarcaí arna breacadh | An t- airgeadra ina n- ainmnítear an chomhthaobhacht iomarcach phostáilte.<br>Má ainmnítear an chomhthaobhacht iomarcach phostáilte i mbreis agus airgeadra amháin, léiríonn an ghné sonraí seo ceann de na hairgeadraí sin, ar roghnaigh contrapháirtí 1 na luachanna ar fad den chomhthaobhacht iomarcach phostáilte a mhalartú chuige. |

| Ítim | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 20 | Comhthaobhacht | An corrlach tosaigh arna bhailiú ag contrapháirtí 1 (roimh an gcaolchorrlach) | Luach airgeadúil an chorrlaigh tosaigh ar bhailigh contrapháirtí 1 é, lena n-  áirítear aon chorrlach atá faoi bhealach agus ag feitheamh le himréiteach.<br>Má dhéantar an chomhthaobhacht ag an leibhéal punainne, baineann an corrlach tosaigh a bhailítear leis an bpunann fhoriomlán; má dhéantar an chomhthaobhacht le haghaidh idirbhearta aonair, baineann an corrlach tosaigh a bhailítear leis an idirbheart aonair sin.<br>Tagraíonn an réimse seo do luach reatha iomlán an chorrlaigh tosaigh, seachas dá athrú laethúil.<br>Tagraíonn an eilimint sonraí d'idirbhearta neamh-  imréitithe agus d'idirbhearta a réitítear go lárnach araon. I gcás idirbhearta a imréitítear go lárnach, ní áirítear leis an ngné sonraí seo comhthaobhacht arna bailiú ag CPL mar chuid dá ghníomhaíocht infheistíochta.<br>Má bhíonn an corrlach tosaigh bailithe ainmnithe i mbreis agus airgeadra amháin, malartaítear na méideanna sin chuig airgeadra aonair arna roghnú ag contrapháirtí 1 agus tuairiscítear é mar luach iomlán amháin. |
| 21 | Comhthaobhacht | An corrlach tosaigh arna bhailiú ag contrapháirtí 1 (tar éis an chaolchorrlaigh) | Luach airgeadúil an chorrlaigh tosaigh ar bhailigh contrapháirtí 1 é, lena n-  áirítear aon chorrlach atá faoi bhealach agus ag feitheamh le himréiteach.<br>Má dhéantar an chomhthaobhacht ag an leibhéal punainne, baineann an corrlach tosaigh a bhailítear leis an bpunann fhoriomlán; má dhéantar an chomhthaobhacht le haghaidh idirbhearta aonair, baineann an corrlach tosaigh a bhailítear leis an idirbheart aonair sin.<br>Tagraíonn an réimse seo do luach reatha iomlán an chorrlaigh tosaigh tar éis chur i bhfeidhm an chaolchorrlaigh, más infheidhme, seachas don athrú laethúil.<br>Tagraíonn an eilimint sonraí d'idirbhearta |

| Ítim | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | neamh- imréitithe agus d'idirbhearta a réitítear go lárnach araon. I gcás idirbhearta a imréitítear go lárnach, ní áirítear leis an ngné sonraí seo comhthaobhacht arna bailiú ag CPL mar chuid dá ghníomhaíocht infheistíochta.<br>Má bhíonn an corrlach tosaigh bailithe ainmnithe i mbreis agus airgeadra amháin, malartaítear na méideanna sin chuig airgeadra aonair arna roghnú ag contrapháirtí 1 agus tuairiscítear é mar luach iomlán amháin. |
| 22 | Comhthaobhacht | Airgeadra an chorrlaigh thosaigh arna bhailiú | An t- airgeadra ina n- ainmnítear an corrlach tosaigh bailithe.<br>Má ainmnítear an corrlach tosaigh bailithe i mbreis agus airgeadra amháin, léiríonn an ghné sonraí seo ceann de na hairgeadraí sin, ar roghnaigh contrapháirtí 1 na luachanna ar fad de na corrlaigh tosaigh bhailithe a mhalartú chuige. |
| 23 | Comhthaobhacht | An corrlach athróige arna bhailiú ag contrapháirtí 1 (roimh an gcaolchorrlach) | Luach airgeadúil an chorrlaigh athrúcháin arna bhailiú ag contrapháirtí 1, lena n- áirítear an corrlach airgeadsocraithe agus aon chorrlach atá faoi bhealach agus ag feitheamh le himréiteach.<br>Níl an éarlais athrúcháin theagmhasach san áireamh.<br>Má dhéantar an chomhthaobhacht ag an leibhéal punainne, baineann an corrlach athrúcháin a bhailítear leis an bpunann fhoriomlán; má dhéantar an chomhthaobhacht le haghaidh idirbhearta aonair, baineann an corrlach athrúcháin a bhailítear leis an idirbheart aonair sin.<br>Tagraíonn an réimse seo do luach reatha iomlán an chorrlaigh athrúcháin, arna charnadh ó chéad- tuairisciú na gcorrlach athrúcháin bailithe le haghaidh na punainne/an idirbhirt.<br>Má bhíonn an corrlach athrúcháin bailithe |

| Ítim | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| | | | ainmnithe i mbreis agus airgeadra amháin, malartaítear na méideanna sin chuig airgeadra aonair arna roghnú ag contrapháirtí 1 agus tuairiscítear é mar luach iomlán amháin. |
| 24 | Comhthaobhacht | An corrlach athróige arna bhailiú ag contrapháirtí 1 (tar éis an chaolchorrlaigh) | Luach airgeadúil an chorrlaigh athrúcháin arna bhailiú ag contrapháirtí 1, lena n- áirítear<br>an corrlach airgeadsocraithe agus aon chorrlach atá faoi bhealach agus ag feitheamh le himréiteach.<br>Níl an éarlais athrúcháin theagmhasach san áireamh.<br>Má dhéantar an chomhthaobhacht ag an leibhéal punainne, baineann an corrlach athrúcháin a bhailítear leis an bpunann fhoriomlán; má dhéantar an chomhthaobhacht le haghaidh idirbhearta aonair, baineann an corrlach athrúcháin a bhailítear leis an idirbheart aonair sin.<br>Tagraíonn an réimse seo do luach reatha iomlán an chorrlaigh athrúcháin arna bhailiú tar éis chur i bhfeidhm an chaolchorrlaigh, más infheidhme, arna charnadh ó chéad- tuairisciú na gcorrlach athrúcháin bailithe le haghaidh na punainne/an idirbhirt.<br>Má bhíonn an corrlach athrúcháin bailithe ainmnithe i mbreis agus airgeadra amháin, malartaítear na méideanna sin chuig airgeadra aonair arna roghnú ag contrapháirtí 1 agus tuairiscítear é mar luach iomlán amháin. |

| Ítim | Roinn | Réimse | Mionsonraí atá le tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 25 | Comhthaobhacht | Airgeadra an chorrlaigh athróige arna bhailiú | An t- airgeadra ina n- ainmnítear an corrlach athrúcháin bailithe.<br>Má ainmnítear an corrlach athrúcháin bailithe i mbreis agus airgeadra amháin, léiríonn an ghné sonraí seo ceann de na hairgeadraí sin, ar roghnaigh contrapháirtí 1 na luachanna ar fad de na corrlaigh athrúcháin bhailithe a mhalartú chuige. |
| 26 | Comhthaobhacht | An chomhthaobhacht iomarcach arna bailiú ag contrapháirtí 1 | Luach airgeadúil aon chomhthaobhacht bhreise arna bailiú ag contrapháirtí 1 ar leithligh agus neamhspleách ar an gcorrlach tosaigh agus ar an gcorrlach athrúcháin.<br>Tagraíonn an ghné sonraí seo do luach reatha iomlán na comhthaobhachta iomarcaí roimh chur i bhfeidhm an chaolchorrlaigh, más infheidhme, seachas don athrú laethúil.<br>Aon mhéid corrlaigh tosaigh nó athrúcháin a bhailítear a sháraíonn an corrlach tosaigh a cheanglaítear nó an corrlach athrúcháin a cheanglaítear, tuairiscítear é mar chuid den chorrlach tosaigh bailithe nó den chorrlach athrúcháin bailithe faoi seach, in ionad é a chur san áireamh mar chomhthaobhacht iomarcach bhailithe.<br>I gcás idirbhearta a imréitítear go lárnach, ní thuairiscítear comhthaobhacht iomarcach ach amháin a mhéid is féidir é a shannadh do phunann nó d'idirbheart sonrach. |
| 27 | Comhthaobhacht | Airgeadra na comhthaobhachta iomarcaí arna bailiú | An t- airgeadra ina n- ainmnítear an chomhthaobhacht iomarcach bhailithe.<br>Má ainmnítear an chomhthaobhacht iomarcach i mbreis agus airgeadra amháin, léiríonn an ghné sonraí seo ceann de na hairgeadraí sin, ar roghnaigh contrapháirtí 1 na luachanna ar fad den chomhthaobhacht iomarcach phostáilte a mhalartú chuige. |
| 28 | Comhthaobhacht | Cineál gníomhaíochta | Beidh ceann amháin de na cineálacha gníomhaíochta a leanas sa tuarascáil:<br>(a) sainaithneofar iarmhéid nua corrlaigh nó modhnú ar shonraí na gcorrlach mar 'Nuashonrú corrlaigh'; |

| **Ítim** | **Roinn** | **Réimse** | **Mionsonraí atá le tuairisciú** |
|---|---|---|---|
| | | | (b) sainaithneofar ceartú réimsí sonraí a cuireadh isteach go mícheart i dtuarascáil roimhe seo mar 'Ceart'. |
| 29 | Comhthaobhacht | Dáta imeachta | An dáta ar ar tharla an teagmhas intuairiscithe a bhaineann leis an gconradh díorthach agus arna ghabháil ag an tuarascáil. I gcás nuashonrú comhthaobhachta - an dáta dá soláthraítear an fhaisnéis atá sa tuarascáil. |